Polasaí maidir le Páistí le Gaeilge lag

Mar a luatar thuas, tá sé mar pholasaí againn, maidir le páistí le Gaeilge lag, go ndéantar gach iarracht sa Choláiste atmaisféar dearfach foghlama a chothú. Mar sin, tugtar neart tacaíochta do na scoláirí sin nach bhfuil Gaeilge láidir acu, ionas go bhfásfaidh an misneach agus an muinín iontu le linn an chúrsa. Má bheirtear ar pháiste le Gaeilge lag ag labhairt Béarla, úsáidtear an córas meantóireachta dearfach atá leagtha amach chun an páiste a spreagadh chun níos mó Gaeilge a labhairt, sé sin ranganna breise meantóireachta a chuir ar fáil dóibh. An aidhm is mó atá againn ná páistí a mhealladh chun cumarsáid a dhéanamh trí Ghaeilge as a stuaim féin, fiú muna bhfuil Gaeilge chruinn cheart acu. Chun é seo a dhéanamh i gceart tá gá díriú isteach go mion ar na scoláirí seo agus an córas seo a leanas a chur i bhfeidhm:

Ceim 1 Measúnú

1.1 • Meastar caighdeán Gaeilge na bpáistí trí agallamh a dhéanamh leo ar an gcéad oíche. I ndiaidh an agallaimh seo roinntear na páistí i 6 rang de réir a gcumais sa Ghaeilge.

1.2 • Ar an gcéad oíche, tá sé tábhachtach go ndéantar caighdeánú thar dhá agallamh ionas go mbeidh na daoine atá ag cur na nagallamh ag déanamh measúnú cruinn.

1.3 • Is ar an múinteoir Gaeilge a bheidh an fhreagracht na páistí ina rang a mheas de réir a gcaighdeáin agus a phleananna ceachta a chuir in oiriúnt don chaighdeán sin.

1.4 • Sa chéad rang, ba cheart scrúdú ghearr a chur ar na scoláirí chun a n-eolas ar Ghaeilge bhunúsach a mheas. Is scrúdú í seo atá ullmhaithe cheana féin agus atá ar fáil le achmhainní na Múinteoirí Gaeilge. Tabharfar an scrúdú céanna do na scoláirí ag deireadh an chúrsa, ionas go bhfeicfidh na múinteoirí agus siadsan an dul chun cinn atá déanta acu.

Céim 2 Le linn an chúrsa

2.1 • Tá leabhrán foclóra bunúsach ar fáil gur féidir a dháileadh ar na páistí ó thús an chúrsa. Más féidir afách déan iarracht na páistí a spreagadh chun cumarsáide trí cheachtanna foclóra agus cluichí rólghlacadh, mar gur mian linn an leabhrán a choinneáil mar áis fhoghlama bhreise.

Áiseanna múinteoireachta i bhFillteáin 1Leathnú Foclóra, in oifig an PO.

2.2 • Tá sé tábhachtach go mbeadh sé mar aidhm sa rang Gaeilge go bhfoghlaimeoidh na páistí an cineál Gaeilge a bheidh in úsáid acu timpeall an choláiste. Má éiríonn leo an chumarsáid riachtanach seo a dhéanamh, braithfidh said go bhfuil dul chun cinn concréiteach ar siúl acu agus fásfaidh said i muinín, iontu féin agus ionat. Ná léim díreach isteach le gramadach thirim chasta, mar go mbeidh suim na scoláirí caillte agat láithreach. Féach Aguisín Foclóra ag deireadh.

2.3 • Cuimhnigh i gcónaí ar mhodh an aoibhnis; sé sin le rá go mbíonn páistí ag iarraidh foghlaim má tá an t-ábhar múinteoireachta suimiúil agus taitneamhach, agus má fheictear dóibh gur fiú é a fhoghlaim. Bíodh an oiread comhrá gur féidir ar siúl le linn an cheachta.

Áiseanna múinteoireachta i bhFillteáin Cluichí Cumarsáide agus Forbairt Phearsanta, in oifig an PO.

2.4 • Tá moladh riachtanach. Má tá páiste ag déanamh iarrachta agus dul chun cinn, is cuma cé chomh beag is atá sé, tabhair moladh dó. Bíodh meas i gcónaí agat ar na páistí agus bí foighneach leo. Cuireann sé seo go léir leis an atmaisféar dearfach foghlama.